An Fhoireann ag cruthú go hiontach



Lá amháin, chonaic mise agus mo chara Liam póstaer ar an bhalla in aice leis an phríomhdhoras Bhí an scoil **ag iarraidh imreoirí nua iomána**. Dúirt mé **go labhróinn** leis an traenálaí.

Shocraigh muid ar thriail a bhaint as. Dúirt an traenálaí go mbeadh orainn **traenáil chrua a dhéanamh** dhá uair sa tseachtain tar éis na scoile. Ach b'fhiú go mór an cleachtadh. Mar a deir an seanfhocal: **Cleachtadh a dhéanann máistreacht**!



Thosaigh muid ag traenáil go crua. D'éirigh muid níos fearr **de réir a chéile**. Bhí an traenálaí iontach sásta linn. Dúirt sé go raibh muid ag obair go maith an bhliain ar fad. Faoi dheireadh, tháinig an lá mór agus thóg busanna muid go dtí an cluiche ar a dó a chlog. Bhí slua mór ar an bhus chun tacú linn.

Cluiche **den chéad scoth** a bhí ann. Bhain Coláiste Eoin an **craobh.** Rinne Liam jab iontach mar chaptaen. **D'ardaigh sé an corn** suas san aer. Bhí sceitimíní ar gach duine.

Mhol an príomhoide an fhoireann. **Ghabh sé comhghairdeas linn**. Dúirt sé go raibh muid thar a bheith maith agus go mbeadh cóisir sa scoil an oíche sin **chun ceiliúradh.**